# SUPERBUGS

**Suíomh gréasáin oiliúna is ea seo chun cur le feasacht an phobail i dtaobh an tsaoil mhiocróbaigh atá ionainn, umainn agus farainn. Tá sé ar fáil i mBéarla, i mBreatnais agus i nGàidhlig na hAlban.**


**Arna dhearadh agus arna fhorbairt i gcomhar le múinteoirí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na Breataine Bige. Acmhainn foghlama saor in aisce is ea seo ar féidir le daltaí scoile aois a 5-16 úsáid a bhaint as sa seomra ranga nó sa bhaile.**

Is é a thug orainn tabhairt faoin tionscadail seo ná an rath a bhí ar 'Superbugs: A Pop-up Science Shop', ócáid a reáchtálamar in St David's Centre, Cardiff le linn laethanta saoire 2019. Tuairim is 6,600 duine a thug cuairt ar ár seastán i gcaitheamh an dá sheachtain a bhíomar ann.

An uaillmhian is bun le Superbugs, agus an t-ábhar go léir a ghabhann leis, tá siad go hiomlán i gcomhréir leis na ceithre chuspóir a luaitear i gCuraclam nua na Breataine Bige agus is ábhartha iad le gach ceann de na sé réimse foghlamtha agus taithí a luaitear sa churaclam céanna.

is éasca úsáid a bhaint as an suíomh seo agus tá an-chuid ábhar éagsúla le fáil ann. Ina measc sin tá tráthanna na gceist, PDFanna is féidir a íoslódáil, míreanna beochana, scéalta arna léiriú le pictiúir, amlínte idirghníomhacha, cluichí agus na prótacail uile a bhaineann le turgnaimh a dhéanamh sa bhaile.

Ní ar bhealach saintreorach a chuirtear na hábhair sin ar ar fad i láthair. Is é is rún dúinn a chur ar chumas múinteoirí agus daltaí araon úsáid a bhaint as na hábhair díreach de réir a mianta nó a riachtanas féin. Sa bhreis air sin, is féidir an suíomh seo a úsáid chun an t-eolas is déanaí a fháil faoi imeachtaí eolaíochta agus deiseanna atá ar fáil sa Riocht Aontaithe.



## Faoi chaibidil

- Buneolas ar an mbeatha, ar an éabhlóid agus ar na baictéir
- Ionfhabhtú, comhthíosaigh agus na miocróib inár dtimpeall
- Galair, antaibheathaigh agus an frithsheasamh in aghaidh antaibheathach
- An chaoi a n-oibríonn vacsaíní

## 7 mbealach chun úsáid a bhaint as Superbugs

1. Iarr ar dhaltaí ábhair an tsuímh a iniúchadh de réir a dtola féin. Tabhair tréimhse ama shonrach dóibh (15-30 nóiméad) agus iarr orthu tuairisc a thabhairt duit faoina bhfuil faighte amach acu. D'fhéadfaí an tasc sin a thabhairt mar obair bhaile ina mbeadh ar dhaltaí 2-3 pointe suimiúla - nó "fíricí fánacha" - a chur faoi bhráid an ranga an chéad cheacht eile.

2. Bain úsáid as ‘An Cúinne Léitheoireachta’ chun stair na bhfionnachtana eolaíochta a bhreathnú agus eolas a chur ar na pearsana faoi deara iad. Deis is ea sin chun naisc thraschuraclaim a chruthú: an eolaíocht agus an stair, cuir i gcás, nó an eolaíocht agus an litearthacht. Iarr ar dhaltaí ceann de na scéalta a léamh (15-30 nóiméad) agus é a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

3. Cuir ‘Slí na Taiscéalaíochta’ i láthair do dhaltaí agus taispeáin dóibh na míreanna a bhaineann léi (1-3 ceacht). Mar thoradh foghlamtha, d'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí ábhar ar leith a chur i láthair i bhfoirm póstaeir, faoin teideal, "Cad é an rud é frithsheasamh in aghaidh antaibheathach?" nó "Cén chaoi a n-oibríonn vacsaíní?"

4. Do dhaltaí óga, is féidir bileoga dathadóireachta faoi bhaictéir a íoslódáil agus a phriontáil amach.

5. Cuidigh le daltaí turgnamh a dhéanamh de réir an rogha prótacal atá anseo (1-3 ceacht). D'fhéadfaidís a bplátaí agair féin a ullmhú, cuir i gcás, agus maipíneacht a ghlacadh díobh féin nó de nithe timpeall orthu. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfaidís na torthaí a thaispeáint don rang agus/nó na torthaí a chur faoi bhráid fhoireann Superbugs.

6. Tabhair cead do dhaltaí triail a bhaint as an rogha cluichí atá ar an suíomh seo. Cluichí iad ar fad a bhfuil comhthéacs eolaíochta ag baint leo ach san am céanna is féidir iad a imirt gan aon róthuiscint a bheith ag an dalta ar an eolaíocht ar a bhfuil siad bunaithe.

7. Le linn lá gairmthreorach nó laistigh de cheacht eolaíochta féin, taispeáin an mhír ‘Saol an Eolaithe’ do dhaltaí le go bhfeice siad na róil éagsúla a bhíonn ag daoine atá ag obair in earnáil na heolaíochta agus na cúiseanna lena ndeachaigh siad leis an ngairm bheatha sin. Más ócáid speisialta é d'fheadfaí eolas an tsuímh seo a thionlacan le craoladh beo a gcuirfeadh daltaí aithne ar eolaithe lena linn, agus ina ndéanfaí taispeántais bheo, cuairteanna a thabhairt ar shaotharlann, nó ina mbeadh seisiúin ceisteanna agus freagraí.

## Téigh i dteagmháil linn


superbugs@cardiff.ac.uk
www.superbugs.online/meet-the-team
@CUsuperbugs